

Nuacht Feirste



8ú Márta

Uimhir 7

Táille 10p

Eagarfhocal



An Stailc

TÁ DHÁ CHEACHT le foghlaim ó stailc lae na n-Aontachtaithe De Luain. 'S iad sin nach féidir stáitín lofa na sé chontae a fheabhsú agus go bhfuil an pobal náisiúnach níos daingne ná bhí sé le linn stailc 1974.

Is é an príomh-aidmh atá ag an Chomh-aontú idir Lonlain agus Baile Atha Cliath ná Gluaiseacht na Poblachta agus gné den fhriotaíocht náisiúnach a scrios. Sin an fáth a bhfuil Rialtas Thatcher ar buille leis na hAontachtaithe nach bhfeiceann buntaistí soleire an Chomhaontaithe — mar shampla Alan Dukes ag sinu an Choinbhinsiún um Chosc Sceimhleoireachta no dúnmaru Francis Bradley ag Droichead Tuama agus gan aire amháin i mBaile Atha Cliath ag caineadh na ndunmharfoiri.

Ach tá an pobal Aontachtach chomh biogóideach sin nach dtuigeann siad bunchleasanna polaitíochta atá de dhíth le arm eadamaíoch a bhuaileadh. Ní fheiceann siad, mar tchí Rialtas na Breataine, go bhfuil gá le féiríní don phobal náisiúnach le iad a scaradh ó Óglaigh na hÉireann. Agus d'ainneoin seasamh diongbháilte na nDílseoirí tá na polaiteoirí bunreachtúla ag rá linn ar fad nach féidir athraithe a bhrú ar na Dílseoirí ach go gcaithfear iad a mhealladh leat le binneas focal. Ní thig linn an tsaoirse agus deireadh leis an chóilín-eachas sa tír seo a chur siar go dtí go raibh Ian

AR LEAN AR LTH 2, COLÚN 1

Fiosrúchán poiblí ar bhás Uí Bhrolacháin

LE CIAN Mac AOIDH

TIONÓLADH fiosrúchán poiblí ar dhúnmharú Phroinsias Uí Bhrolacháin i dteach ósta ag Droichead Tuama, Dé Domhnaigh 2ú Márta. Bhí an fiosrúchán eagraithe ag an tAthair Seosmah Mac an Bheatha faoi choimirce an Choiste ar son Síochana agus Cirt.

D'fhreastail corradh le 100 duine ar an fhiosrúchán agus cloiseadh finaise ó 20 duine. I measc na ndaoine a labhair bhí sagart na paróiste arbh as Proinsias O Brolacháin agus an dlítheoir aithnidiúil Caoimhín Agnew. Bhí dlítheoirí ann chomh maith ar son athair an óganaigh agus ar son duine den bheirt fhear a gabhadh díreach i ndiaidh ionsaí an SAS. Scaoileadh saor an bheirt cé gur dúradh sna meáin ar oíche an dúnmharaithe gur beir-eadh ar "bheirt ghunnadóir" a bhí i gcuideachta Uí Bhrolacháin.

Caithfidh an coiste anois an Fhianaise uilig a chur le chéile agus is dóiche go bhíoilseofar tuairisc iomlán chomh luath agus is féidir i ndiaidh tuairisc an

|chróineára ar an miarú.

BAGAIRT

Maraíodh Proinsias O Brolacháin ar 18 Feabhra trí lá roimh a 21ú bhreithlá. De réir muintir an cheantair bhagair na péas agus Arm na Breataine air anuraidh ag maíomh nach mbainfeadh sé 21 bliain amach. Ní raibh sé bainte le Óglaigh na hÉireann.

Seo an chéad fhiosrúchán poiblí ar dhúnmharú a rinne forsaí an stáit ó d'eagraigh an tAthair Mac Liam fiosrúchán ar mharú Seán Downes i mBéal Feirste i 1984.

Go dtí seo i mbliana maraíodh beirt náisiúntóir in ionsaithe seicteacha i mBéal Feirste agus ball amháin d'Óglaigh na hÉireann i nDoire.

Lá Scléipe

CÉ nach bhfuil an clár iomlán don Lá Scléipe, Sa Mhuileann, Sráid Conway ar Lá na Feil' Pádraig, réidh go fóill thig linn a rá go cinnte go mbeidh na himeachtaí seo a leanas ann.

Taispeántas: Dhá thaispeántas griangrafanna á n-eagrú ag Béal Feirste nochtaithe. Beidh ceann amháin acu díriú ar an chuairt a thug Cumann Teanga na Breathnais ar Bhéal Feirste anuraidh.

Tráth na gCeisteanna le ceithre fhoireann agus duaiseanna dona buaiteoirí. Fir ghrinn, tombols, cóisir dona páistí. Físcannáin Ghaeilge do pháistí agus do dhaoine fásta.

Ceol de gach cineál — roc-cheol, ceol tíre agus ceol traidisiúnta. Comórta bréagadach.

Tosnóidh an Lá Scléipe ar 2pm agus críochnóidh sé ar 5pm. Fáilte romhaibh.

Eagarfhocal

Paisley nó Alan Wright ag glacadh le sóiscéal an Phoblachtanais.

I dtaca leis an phobal náisiúnach de chruthaigh siadsan Dé Luain go bhfuil muinín acu as an gcumas féin agus nach scanraíonn bagairtí na nAontachtaithe iad. I 1974 agus arís roimh stailc 1977 bhí na náisiúntóirí as a gcrann cumhachta ag ceannacht bia agus gáis, ag eagrú grúpaí cosanta agus fiú ag ullmhú don turas thar-teorainn. Ní amhlaidh a bhí sé an t-am seo. Cinnte rinneadh réidh don stailc ach níl an pobal ag cúlú roimh bhagairtí na nDílseoirí.

CONTÚIRT

Tá an chontúirt ann go gcreidfídh an pobal náisiúnach go bhfuil fiúntas sa chomhaontú de thairibhe na dílseoirí a bheith chomh tógtha is tá siad agus an SDLP a bheith ag cur in iúl gur "tús próiseas" atá ann. Is éigean mar sin dearcadh cuimhníú ar an méid atá déanta ag an dá rialtais a chruthaigh an comhaontú le saoirse a shéanadh ar mhuintir na tíre seo.

An dtiocfadh dó go bhfuil athrú intinne tagtha ar Rialtas Londain a "bhronn" orainn le 16 bliana anuas braighdeanas, Domhnach na Fola, An Caisleán Riabhach, an polasaí scaoile-marú, an piléar plastic, na Blocanna-H, an UDR agus a gcomhaltaí san RUC, lomchuardach in Ard Mhacha agus anois corp Francis Bradley?

Nó an amhlaidh go bhfuil comhrialtas Fine Gael agus an Lucht Oibre, nár bhuadhir a gceann ariamh fá chearta na náisiúntóirí sna sé chontae nuair a bhí cuidiú de dhíth, an amhlaidh go bhfuil siadsan anois lán de ghrá tíre agus mórtas cine?

Bíodh an eiseachadhadh, Alt-31 den alt craolacháin a choscann ionadaithe na náisiúntóirí, síniú an choinbhinsiúin um Chosc Sceimhleoireachta, a gcomhoibriú leis 'na fórsaí slándála' sna sé chontae agus ar ndóighe a neamhpholasaí ar an Ghaeilge mar fhianaise againn nach bhfuil de shuim acu i staid na sé chontae ach amháin gur mian leo a dtacaíocht do Ghluaiseacht na Poblachta a mhaolú.

Raidió Gaeilge ach chan don Tuaisceart

NÍ CHLOISFEAR raidió nua Gaeilge atá beartaithe ag RTÉ sna sé chontae. De réir gach tuairisc beidh Raidió 3 a chraoladh roimh dheireadh na bliana seo ach is ar VHF/FM a bhéas sé agus ní féidir an tonnfhad seo a chloisteáil sna sé chontae.

Faoi láthair craolann Raidió na Gaeltachta "tríd an tír" ar VHF ach tá an glacadh go dona sna sé chontae, go háirithe i mBéal Feirste agus ní féidir an stáisiún a chloisteáil gan aeróg speisialta.

Is cinnte go mbeidh Gaeilgeoirí an tuaiscirt buartha fán fhaill seo agus go gcuirfidh an stáisiún '26 chontaeach' leis an fhinnscéal nach labhartar an Ghaeilge sna sé chontae. Beag an baol ach oiread go ndéanfaidh Raidió 3 freastal cheart ar Ghaeil abhus rud a fhágas iad arís scartha on chuid eile den tír.

De réir Gaeilgeoirí na Cathrach caitheann an cinneadh seo amhras ar an méid atá ráite ag Rialtas Bhaile Átha Cliath fá staid na Gaeilge sa Tuaisceart.

Dúirt fear amháin a labhair

linn gur scannal atá ann go bhféadfadh an tAire Cumarsáide Jim Mitchell seirbhís náisiúnta a thabhairt ar Raidió 3.

"Tá Peter Barry ag maíomh go bhfuil sé burarha fá chearta Gaeilge sa tuaisceart ach nuair atá seans ag a rialtas cabhair fhuíntach a thabhairt do phobal na Gaeilge abhus - tríd seirbhís raidió a sholáthar - ní thugann sé aird ar bith orthu.

"Dá mbeadh Barry agus a gcomhaltaí dáiríre bheadh siad ag beartú Raidió 3 a leathnú go dtí na sé chontae chomh luath agus a bhéas sé ar an aer. Ó tharla nach bhfuil pleananna ar bith acu a leithéid a dhéanamh caithfimid glacadh leis nach dtuigeann siad cad é rud é seirbhís náisiúnta raidió."

Daonáireamh

SCRÍOBH Uachtarán Shinn Féin Mac Adaimh chuig Bórd na Gaeilge a hiarraidh orthu daonáireamh a dhéanamh sna sé chontae le líon na nGaeilgeoirí a mheas.

Arsa Feisire lart Bhéal Feirste:

"Glactar leis go bhfuil tuairm's ar 40,000 Gaeilgeoirí sna sé chontae níl aitheantas nó cuairt airgid dá bhfaíl acu. mbeadh figiúirí bealaí ann do líon na nGaeilgeoirí bheadh sé i bhfeidhm níos deacair Oifig Thuaisceart Éireann a dhéanadh a dhéanamh náisiúnta Gaeilge do nuachtáin mar LA.

"Is grúpa neamh-each é Bord na Gaeilge agus dá gcuireadh siad daonáireamh nó olltábhé seo i gcrích tfeadh siad ard-mhaíocht náisiúntóirí sna sé chontae."

mála poist

Buille buailte

A Chara,

Ba cúis mhór bróin domsa é d'eagarfhocal a léamh faoin domálaí Breatanach Barry McGuigan (22 Feabhra).

Rugadh agus tógadh McGuigan in Éirinn mar shaoránach Éireannach ach dhíol sé a shinsir ar mhaithe le puntai

Sasanacha. Throid sé uair i ndiaidh uaire ar son Banríon na Sasana.

Tá sé ag déanamh a dhícheall dearcadh Rialtas na Breataine ar Éirinn a scaipeadh ar fud an domhain; 'sé sin go bhfuil na 'Paddies' ag troid eatarthu féin fá chúrsaí creidimh. Tá sé ciontach as bréaga a insint faoi ghníomhartha Oglagh na Éireann ina cheantar dúchais (ag maíomh gur mharaigh siad beirt fhear a cuireadh chun báis ag saighdiúirí na Sasana).

Agus tá tusa ag moladh do phoblachtánaigh gan bacaint

lena dhearcadh polaitíochta ach tacaíocht a thabhairt dó agus cluas bhodhar a thabhairt dó nuair atá sé ag déanamh obair ár namhad.

Cad é an duifir idir Barry McGuigan ag troid ar son na Sasana agus Éireannach ag dul isteach in Arm na Breataine le cúpla punt a shaothrú? Duifir ar bith, dar liomsa, agus ba chóir de phoblachtánaigh an freagra céanna a thabhairt don bheirt acu.

Amach, Amach, — Sasanach. L.O.F.

Béal Feirste.

Pobail na Corsaice agus impiriúlachas na Fraince

LE DONALL Ó DUFAIGH

TÉANN gleic muintir na Corsaice i leith neamhspleachais, siar beagnach 300 bliain agus tá an ghluaiseacht náisiúnta fríd an MCA (Muvimentu Corsu per l'Autodeterminazione) agus an eite armtha an FLNC níos laidre anois na mar a bhi aon ghluaiseacht naisiunta eile sa Chorsaic sa chead seo.

Tá a fhios againn uilig gurbh í An Chorsaic an t-oileán mór sa Meánmhuir inar rugadh Napoleon agus b'fhéidir go bhfuil a fhios ag corrdhuine gur náisiúnaí Corsacach Napoleon féin ina óige sular ghlac uaillmhian phearsanta agus saint an impiriúlachais seilbh air.

Cé go bhfuil na Corsachaigh faoi na Francaigh, tá An Chorsaicis ag an cuid is mó de bhunadh an oileáin ach faidhb mhór atá acu ná nach bhfuil ach thart fá leath na ndaoine ar an oileán ina gCorsaigh ar chor ar bith. Seo toradh ar an impiriúlachas Francach ar dhá dhoigh: is Franciagh na daoine seo ón taobh amuigh nó is *Pieds Noirs* (Cosa Dubha), sé sin cóilínigh de chuid na Fraince san Algéir a d'imigh as an tír sin nuair a fuair na hAilgéaraigh neamhspleáchas i 1982.

De réir leabhar bán an FLNC:

"Ní cuirfeadh deireadh le tiarnas impiriúlach na Fraince fríd athrú institiúid. Ní cuirfidh rud ar bith deireadh leis an ans-macht coilíneach ach saoirse náisiúnta, agus ciallaíonn sin smacht a bheith ag pobal na Corsaice arís ar a dtodchaí ó thaobh eacnamaíochta, polaitíochta, soisialta agus cultúrtha de."

Tugann an FLNC tacaíocht don trí chinéal gleice: gleic na sluaite, an ghleic polaitíochta agus an ghleic armtha agus amharcan siad ar an ghleic armtha mar "uirlis polaitíochta, mar, ní faidhb míleata ach faidhb polaitíochta atá ag An Chorsaic."

Ba bhomaite tábhachtach i saol an FLNC tórramh Stetanu Cardí i Sarrera nuair a d'éirigh leas ómós mar shaghdíur a thabhairt dó. Cé go raibh 500 de phéas na Fraince ansin le ordaithe gan ligint do na Corsachaigh slán míleata a fhágáil ag an óglach, ach bhí an slua



rómhór. An rud is mó atá ag cur isteach ar Rialtas na Fraince ná go bhfuil na Corsachaigh ag tacú leis an FLNC.

Fuair muintir na Fraince amach fán FLNC ar an 5 Bealtaine 1976 nuair a phléasc an tarm eadarnaíoch Corsacach 21 bhuama. Cuireadh cosc orthu ar 5 Eanáir 1983 agus coicís ina dhiaidh sin chuir an FLNC gliondair ar an Corsacach nuair a d'éirigh leo Cardu Pieri a thabhairt amach as príosún Santa Chjara.

FRITHGHNÍOMHÚ

Ó tharla nach raibh na Francaigh ábalta stúir a choinneáil ar an oileán chuir siad an t-ansmacht i réim. Is beag saoirse atá ag na nuachtáin agus cuirtear an dlí ar nuachtóirí

go rialta ach ghin sin trith-gluníomhú ó Cheardchumann na n-Oibrithe Corsachacha, ó Cheardchumann na Múinteoirí is araile.

Ar an chéad lá de Mhí na Nollag 1984 mharaigh an FLNC péas Francach, ach an lá eanna bhí léirsíú in Ajaccio, príomhchathair na tíre, inar ghlac 15,000 duine páirt ag iarraidh stádas polaitíochta do na príosúnaigh. Mar a dúirt an páipéar *U Rimbombu* (páipéar ins an Chorsaic) ag an am: "deich mbliana ó shin, an méid is mó daoine a gheofaí ag plé cúlraí náisiúnta na Corsaice ná b'fhéidir, deich mac léinn i seomra éigin san ollscoil." Is mór an dul chun cinn ata déanta ag an MCA, an FLNC agus gluaiseacht náisiúnta na Corsaice.

Ag foghlaim na Gaeilge

Ceacht a cúig

BRIAN Ó Murchú anseo arís, a chairde. Tá mo ghaolta sa teach anocht ar cuairt, agus tá 'achan duine istigh sa seomra suite ag comhrá, ach amháin, mise agus Nóra. Tá m'aintín Eithne ina suí ar an tolg ag caint le mó mhamaí. Tá m'uncail Eoin ina shuí sa chathaoir luascadh ag labhairt le mo dhaidí agus tá beirt eile ansin fosta, Niall agus Dónal, na leanaí. Ach tá siad san ina gcodladh ag an tine, mar tá siad ró óg, le bheith ina suí, go mall san oíche, agus tá siad tuirseach chomh maith le sin.

Tá mise te agus mar sin, tá mé amuigh anseo sa chistin, ag cuidiú le Nóra agus i ag

déanamh rud éigin le hithe, do na cuairteoirí. Taobh amuigh, tá an oíche go deas. Tá an ghealach ag éirí sa spéir agus tá sé tirim. Tá scaifte páistí ag súgradh ar an bhóthar ansin go fóill.

Daidí: Físt a Nóra, cá bhfuil do dheartháir Brian. Níl sé istigh anseo.

Nóra: Tá sé maith go leor a dhaidí, tá sé ina sheasamh anseo, ag amharc amach ar an fhuinneog, ar na leanaí ag imirt.

Daidí: Bhuel, abair leis teacht isteach anseo go díreach, tá ár ngloiní folamh agus tá muid uilig ag fáil bháis den tart. Cibé, ar bith, tá sé ag éirí mall anois agus tá sé in am

daoibh dhulaí.

Brian: Ach a dhaidí, tá sé ró-luath go fóill. Níl sé ach leath in ndiaidh a haon déag. Mamaí: Cad é sin? Leath i ndiaidh a haon déag. Téig a luí go díreach. Imigí chuig an seomra leapa ar an bhomaite. A Pháistí — na bígí ag gearán — bígí in bhuir dtost láithreach. O, a Eithne, tá piachán i mo scómach ag scairtigh ar an bhuachaill sin agus ar an ghirseach sin.

Daidí: Anois, anois, a mhamaí. Seo, déan do scíth. Cuimhnigh, tá cuairteoirí ann fosta.

Mamaí: Ó a Eoin, is a Eithne, gabhaigí mo leithscéal. Na páistí sin! Tá siad ar mire!

I-reagar na ceisteanna seo:

Cad é an t-ainm atá ar m'uncail?

Cad é an t-ainm atá ar an m'aintín?

An bhfuil na leanaí óg nó aosta?

Cad é mar tá an aimsir anocht?

Tá piachán ina scómach ag mamaí — cad chuige?

Tá na páistí ina gcodladh. Cad chuige sin?

An bhfuil sé luath nó mall?

Cé tá sa seomra suite?

Cé tá amuigh sa chistin?

Tá mamaí agus daidí ag gearán — cén fáth?

cara — friend

cairde — friends

gaol — a relative

ar cuairt — visiting

'acha'n duine (gach aon duine)

— everybody

cathaoir luascadh — rocking chair

De Barra cáinte


TÁ liomháintí déanta ag úrlabh-raí cultúrtha Shinn Féin sna sé chondae Lughaidh Mac Giolla Bhrighde in aghaidh Aire Gnóthaí Eachtracha na sé chontae fichead Páeter Barry as síochair é a bheith "ar nós cumá liomh fán chosc ar na Ghaeilge i bpriosúin sna sé chontae."

Arsa an tUasal Mac Giolla Bhrighde (atá ina léas-chathaoirleach ar chomhairle Mhacaire Fiolta):

"I litir a fuair mé inniu ó Chonradh

na Gaeilge deirtear gur theip ar an Aire Gnóthaí Eachtracha "freagra cuimsitheach" a thabhairt ar fhiosrúchan an Chonartha fán chosc ón Fómhar seo chuaigh thart. De réir an Chonartha ní bhfuarthas ach admháileacha ar a litreacha.

"Is léir gur beag le Peter Barry an cosc ar nuachtáin, ar irisí agus ar leabhair Ghaeilge i bpriosúin na sé chontae. Ní suim leis ach oiread go gcóstar an Gaeilge ag cainteanna agus na gceadaítear an fáinne."



Tá Foilseacháin Poblachtánacha ag eisiúnt trí chárta daite don Cháisc i mbliana.

Cosnaíonn na cártaí 15p an ceann (lascaine don mórchóir) agus tá siad le fáil ó Republican Publications ag 51/53 Bóthar na bhFál, Béal Feirste (fón 232820); nó ó 44 Cearnóg Pharnell, BÁC 1 (fón 726932).

POBLACHT NA H-ÉIREANN. THE PROVISIONAL GOVERNMENT OF THE IRISH REPUBLIC THE PEOPLE OF IRELAND.



Paráid ó Ascal Árd na bhFeá
ar 1.30pm
Domhnach 30ú Márta
Cáisc 1986


CUMANN NA MEIRLEACH

Bóthar Bhaile Andarsan

OÍCHE CHEOIL GACH AOINE Fáilte romhaibh uilig



Cumann
Rodaí Mhic Chorlaí



Oíche Folk
Déardaoine
Oíche Cheoil
(fáilte roimh Ghaeil)
Dé hAoine
Oíche Luain
Dara Rang Gaeilge
Oíche Mháirt
Bunrang
Oíche Chéadaoine
Bunrang agus Ard-Rang

Badhbh

LE DEASÚN BREATNACH


CÉ go bhfuil traidisiún i ngach áit sa tír, maidir leis an bpúca agus na sméara dubha, gan iad a ithe i ndiaidh Oíche Samhna, níl aithne i ngach áit ar an bpúca las muigh den bhagairt úd.

Tá bealach simplí ann chun teora an phúca a aimsiú. Tá fungas mór le feiceáil go minic i gcoill nó eile agus in áiteanna is é an púca a tugtar ar an rud sin agus in áiteanna eile an bócan.

Níor mhiste do dhuine éigin dul thart ó bhaile fearann go baile fearann, ag fiafraí de na seandaoine céard é an leagan a bhí beo nuair a bhíodar siúd óg. Ansin bheadh deis againn léarscáil an phúca a leagan amach.

TRIONÓID

Ach tá focal eile atá le cloisteáil in Éirinn, mar atá an bhadhbh cuid de trionóid naofa na págantachta in Éirinn. I bhfoclóir an Duinnineach tá cur síos éigin ar an trionóid, deir sé: "A great queen, one of the



three war-goddesses of the ancient Irish... also applied to Ana."

De réir mar a thuigimise féin is é sin an teideal a thugtaí ar an triúr, mbíodh ainmneacha eile ar leith ar gach aon neach díobh. Badhbh, ceann des na hainmneacha sin, agus tá trácht

ag an nDuinnineach fúithi sin: "A royston crow, a vulture or other ravenous bird; a battle goddess; ...female fairy or phantom said to be attached to certain families, appearing as scald crow or royston crows..."

I ndeisceart Loch Garman, is í Bhadhbh a thógann áit an Phúca. "ba" an fhuaim nó foghraíocht ("baib" an fhuaim i gCiarraí).

FRANCIS

Ach bhí an triúr-in aon freisin ag na Ceiltigh san áit a dtugtar an Fhrainc uirthi inniu; agus is dócha go mbíodh siad gach áit a raibh Ceiltigh fadó. Ach an bhfuil an focal sin fágtha fós sa bhFraincis ó aimsir na gCeilteach (2,000 bliain ó shin)?

Ollamh le Fraincis sa Choláiste na Tríonóide is ea Dr. Roger Little agus i *Parade Sauvage* (revue d'études rimbaudiennes, uimh. a haon, Deir. Fómhair 1984) tá aiste fhíor-spéisiúil aige faoin bhfocal *baou*, atá ar fáil san abairt: "Baou l'herbe d'te bourdonnante et puante" (Rimbaud, Poésies, Une Saison en enfer).

Sintiús ar fáil

NÍL ach trí nuachtán Gaeilge sa tír faoi láthair: *Anois*, *LÁ* agus *Nuacht Feirste*.

Is i mBéal Feirste is mó a bhfuil díol ar *Nuacht Feirste* ach is féidir cóip a fháil tríd an phost gach seachtain cuma cén áit a bhfuil tú.

£3 atá ar shintiús ráithe,

£6 ar shintiús shé mí.

Má tá sintiús uait nó más mian leat sintiús a ordú do chara scríobh chuig Nuacht Feirste, 147 Bóthar Bhaile Andarsan, Béal Feirste 11.